AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Rannach Phort Láirge / Cheatharlach / Chill Chainnigh 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

## Réamhrá an Oifigigh Roinne



Cúis áthais dom Plean Póilíneachta Phort Láirge 2023 a chur in bhur láthair. Cuirtear san áireamh inár bplean na tosaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Straitéise an Gharda Síochána 2023-2024 agus na tosaíochtaí atá leagtha amach ag an Aire agus ag an Údarás Póilíneachta, ach cuirtear san áireamh freisin obair atá déanta ag Comhchoistí Póilíneachta Chill Chainnigh agus Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Shábháilteacht an Phobail Phort Láirge agus moltaí déanta ag Fochoiste an Chomhchoiste Póilíneachta agus na grúpaí a ghlacann páirt sna fóraim seo. Dá réir sin, tá an plean seo íogair do riachtanais agus fachtóirí áitiúla a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht agus ar shlándáil ár saoránach agus tugann sé dúshlán spiorad agus athléimneacht ár bpobal ar fud Phort Láirge, Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

Tá comhaltaí den Gharda Síochána i bPort Láirge meáite ar a chinntiú nach féidir áit shábháilte a chur ar fáil do ghrúpaí nó daoine aonair a bhfuil sé mar aidhm acu ár saoránaigh a imeaglú, imní a chur orthu nó a bheidh freagrach as gortú nó caillteanas a tharlaíonn dár saoránaigh. Táimid meáite ar a chinntiú go mbeidh daoine atá mar bhonn le himní a chruthú i measc ár bPobal á gcoimeád cuntasach as a ngníomhaíochtaí agus go dtugtar a ndúshlán agus go ndéileáiltear leo de réir an smacht reachta.

Príomhghnéithe dár bhfealsúnacht phóilíneachta iad Infheictheacht, Póilíneacht Phobail agus Rannpháirtíocht agus trí bheith i láthair agus ag obair leis na Pobail a bhfuilimid ag freastal orthu éiríonn linn ár seirbhísí póilíneachta a sholáthar i bPort Láirge. Táimid tiomanta do thacú le agus oibriú lenár gcomhpháirtithe Pobail, cosúil le Faire Comharsanachta agus Pobal ar Aire chun srian a chur leis na deiseanna a bhíonn ag daoine ar mian leo páirt a ghlacadh i gcoireacht nó iompar frithshóisialta i Roinn Phort Láirge. Tá An Garda Síochána tiomanta dá oibleagáidí dualgais dearfaigh seirbhíse poiblí faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a ndíreofar orthu in 2023 trí thionscnaimh a bhaineann lenár Straitéis um Éagsúlacht agus Chuimsiú, Beartas maidir le Coireacht Fuatha agus acmhainn Chearta an Duine a fhorbairt.

Is mian liom aird a tharraingt ar an obair atá déanta ag baill foirne an Gharda Síochána i Roinn Phort Láirge agus go háirithe na daoine atá ag obair ag an túslíne, 24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine. Chabhraigh a gcur chuige solúbtha agus a dtiomantas ar bhealach suntasach, agus cuirfidh sé ar bhonn leanúnach, lena chinntiú go dtugtar dúshlán na gcoirpeach is foréigní, is dainséaraí agus is tiomanta, go bhfuil srian á chur leis an méid atá á dhéanamh acu agus nach mór dóibh aird a thabhairt ar an smacht reachta.

Is mian liom béim a leagan an athuair ar na gealltanais a tugadh sna pleananna póilíneachta a chuireamar i dtoll a chéile roimhe seo chun an méid tubaistí agus básanna ar ár mbóithre agus an tragóid agus crá croí a mbíonn ar íospartaigh agus teaghlaigh déileáil leis dá bharr a laghdú.

*Ar scáth a chéile a mhairimid.*

Padraig Dunne, Ard-Cheannfort

# Sonraí teagmhála do Roinne – Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

Nasc Leathanach Facebook Roinn Phort Láirge / Chill Chainnigh / Cheatharlach

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| An Ceannfort Anthony Lonergan<br><br>Ceantar Phort Láirge<br><br>Teil: (051) 305316 | **Port Láirge** | **24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine** | **(051)305300** |
| | Port an Chalaidh | | (051)830240 |
| | Dún Mór | | (051)383112 |
| | An Pasáiste Thoir | | (051)382211 |
| An Ceannfort Derek Hughes<br><br>Ceantar Chill Chainnigh<br><br>Teil: (056) 7775016 | **Cill Chainnigh** | **24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine** | **(056)7775000** |
| | Caisleán an Chomair | | (056)4440650 |
| | Callainn | | (056)7706630 |
| | Achadh Úr | | (056)8832122 |
| | Áth na nUrlainn | | (056)8831133 |
| An Ceannfort Aidan Brennan<br><br>Ceantar Cheatharlach<br><br>Teil: (059) 9136627 | **Ceatharlach** | **24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine** | **(059)9136620** |
| | An Tulach | | (059)9151222 |
| | Muine Bheag | | (059)9774120 |
| | Balana | | (059)9159122 |
| | Baile an Aicéadaigh | | (059)6471202 |
| | Ráth Bhile | | (059)9161122 |
| | Míseal | | (059)9157622 |
| | An Bhuiríos | | (059)9773102 |
| An Ceannfort Colin Furlong<br>Ceantar Bhaile Mhic Andáin<br><br>Teil: (056) 7754157 | **Baile Mhic Andáin** | **24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine** | **(056)7754150** |
| | Móin Choinn | | (051)895122 |
| | Gráig na Manach | | (059)9725750 |
| | Baile Héil | | (056)7768602 |
| | Droichead Binéid | | (056)7727112 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An Gleann Mór | | (051)880122 |
| | An Droichead Nua | | (059)9775202 |
| | Cill Mhic Bhúith | | (051)880122 |
| | Cill Mogeanna | | (051) 648002 |
| | Muileann an Bhata | | (051)898122 |
| | Baile an Phoill | | (051)643102 |
| | Áth Stúin | | (056)7728232 |
| **An Ceannfort Paul O'Driscoll Ceantar Thrá Mhór**<br><br>**Teil: (051) 391627** | **Trá Mhór** | **24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine** | **(051) 391620** |
| | Coill Mhic Thomáisín | | (051) 291124 |
| | An Chill | | (051) 292211 |
| | Port Lách | | (051) 387105 |
| | Cill Mhíodáin | | (051) 384105 |
| | Ráth Ó gCormaic | | (051) 646002 |
| | Léim Uí Bhriain | | (051) 291182 |
| **An Ceannfort Michael Leacy Ceantar Dhún Garbháin**<br><br>**Teil: (058) 48607** | **Dún Garbháin** | **24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine** | **(058) 48600** |
| | Ceapach Choinn | | (058) 54244 |
| | An Eaglais | | (024) 496122 |
| | Aird Mhór | | (024) 94222 |
| | Lios Mór | | (058) 54222 |
| | Tulach an Iarainn | | (058) 56222 |
| | Baile Mhac Cairbre | | (052)6136100 |
| | An Rinn | | (058) 46111 |

Tá eolas maidir le h**Oifigigh éagsúlachta** na Roinne le fáil anseo, nó is féidir glaoch ar an uimhir thíos

Mark Gavin, Garda, Trá Mhór, Contae Phort Láirge. **Teil: (051) 391620**

Ronan O Callaghan, Garda, Dún Garbháin, Contae Phort Láirge. **Teil: (058) 48600**

Trevor Boyd, Garda, Dún Garbháin, Contae Phort Láirge. **Teil: (058) 48600**

| |
|---|
| Fergal O Callaghan, Garda, Baile Mhac Cairbre, Dún Garbháin, Port Láirge. **Teil: (052) 6136100**<br>David Butler, Sáirsint, Cathair Phort Láirge. **Teil: (051) 305300**<br>Finbar O'Sullivan, Bleachtaire Sáirsint, Cathair Phort Láirge. **Teil: (051) 305300**<br>Michael Canavan, Bleachtaire Garda, Port Láirge. **Teil: (051) 305300**<br>Chris Murray, Garda, Cathair Phort Láirge. **Teil: (051) 305300**<br>Ted Hughes, Sáirsint, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh. **Teil: (056) 7754150**<br>Aidan Fitzpatrick, Garda, Cathair Chill Chainnigh. **Teil: (056) 7775000**<br>Andrew Neill, Garda, Cathair Chill Chainnigh. **Teil: (056) 7775000**<br>Lisa Mullins, Garda, Cathair Chill Chainnigh. **Teil: (056) 7775000**<br>Noel Casey, Garda, Achadh Úr, Contae Chill Chainnigh **Teil: (056) 8832122**<br>Darren Leahy, Garda, Ceatharlach. **Teil: (059) 9136620**<br>Janet Gough, Garda, Baile Héil, Contae Chill Chainnigh. **Teil: (056) 7768602** |
| Tá eolas maidir le hoifigigh **Coiscthe Coireachta** na Roinne le fáil anseo, nó is féidir glaoch ar: |
| Peter McConnon, Sáirsint, Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Chainnigh. **Teil: (056) 7775000**<br>Deirdre O'Neill, Sáirsint, Stáisiún an Gharda Síochána i bPort Láirge Teileafón. **Teil: (051) 305300** |
| Tá eolas maidir le cigirí **Imeaglaithe bainteach le drugaí** na Roinne le fáil anseo |

# 1. Pobal

Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcomhpháirt chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirt, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le hábhair atá ag déanamh imní don phobal | Trí rannpháirtíocht thréimhsiúil lenár gcomhpháirtithe sa Phobal, scéimeanna faire agus cur i bhfeidhm shamhail earnáil na Póilíneachta Pobail ag leibhéal áitiúil, cinnteoimid go mbeidh cumarsáid sheasta agus oscailte ar siúl chun tacú le saincheisteanna póilíneachta áitiúla a shainaithint. Bainfear tairbhe as ard-infheictheacht agus teagmhais choiscthe coireachta chun ár bpobail a chosaint ó ghadaíocht agus iompar frithshóisialta, chun tacú le hiontaoibh agus muinín sa tseirbhís atá á cur ar fáil ag pearsanra an Gharda Síochána. |
| 1.2 Seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thugann aitheantas do na daoine éagsúla a bhfuilimid ag freastal orthu | Trí bhreis rannpháirtíochta le grúpaí mionlaigh agus íospartaigh leochaileacha cothóimid iontaoibh agus beidh daoine níos muiníní chomh fada is a bhaineann le rannpháirtíocht le Gardaí agus coireacht a thuairisciú. |
| 1.3 Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an díobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail | Trí bhéim a leagan ar choireacht drugaí a chosc agus a bhraith agus trí chúnamh a fháil ó phobail áitiúla, éireoidh linn comhpháirtíochtaí fadhbréitigh a fhorbairt chun déileáil leis na hábhair shábháilteachta atá ag déanamh imní dóibh. |
| 1.4 Leanúint ar aghaidh ag tacú le daoine atá ag tuairisciú Coireacht Fuatha laistigh de An Garda Síochána agus pobail a ndéantar difear dóibh. | Tabharfar tús áite do Choireacht Fuatha agus neartóidh sé seo ár nasc le grúpaí ábhartha agus cabhróidh sé seo linn ár rannpháirtíocht sa phobal a fheabhsú. |

## 1. Gnáthobair leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta & an Choiste um Shábháilteacht an Phobail | |
| Rannpháirtíocht le hionadaithe tofa áitiúla | |
| Cruinnithe poiblí le grúpaí mionlaigh | |
| Laethanta Oscailte ag Stáisiún an Gharda Síochána | |
| Garda Idirchaidrimh le leithdháileadh ar gach scoil | |
| Póilíneacht Phobail | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oifigigh Coiscthe Coireachta chun tacú le Coireacht Fuatha a thuairisciú | |
| Cláir feasachta agus oideachais á rith i Scoileanna | PRESS |
| Imeachtaí do dhaoine óga a thacaíonn le pearsanra, forbairt pobail agus shóisialta | |
| Seimineáir bunaithe ar Chosc ar Choireacht Gnó agus Gadaíocht Miotail | |
| Le díriú ar choireacht drugaí | |
| Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara pobail | |

# 2. Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun dul i ngleic le coireacht ardmhinicíochta ionas gur féidir déileáil le treochtaí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair agus treochtaí a bheidh le tabhairt faoi deara amach anseo | Trí oibríochtaí spriocdhírithe, feachtais coisctheNA coireachta agus bainistíocht ciontóirí i Roinn Phort Láirge, Chill Chainnigh agus Cheatharlach, éireoidh linn díriú ar na catagóirí cionta coireachta is mó imní dár bpobail a laghdú lena n-áirítear na catagóirí seo a leanas - Ord Poiblí, Gadaíocht agus Ionsaithe. |
| 2.2 Leanúint ar aghaidh lenár n-acmhainn déileáil le calaois agus le coireanna cibearchumasaithe a fheabhsú | Trí chomhairle spriocdhírithe a chur ar fáil don phobal maidir le conas coireacht a chosc, comhairliúchán le haonaid náisiúnta an Gharda Síochána agus gnóthaí áitiúla i Roinn Phort Láirge, Chill Chainnigh agus Cheatharlach, déanfaimid iarracht an líon ionchúiseamh a mhéadú agus an líon cionta sna catagóirí seo a leanas a laghdú - Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara |
| 2.3 Cur isteach, ar bhealach réamhghníomhach, ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Trí chur chuige póilíneachta bunaithe ar fhaisnéis, bainfimid lántairbhe as an úsáid a bheidh á baint againn as acmhainní atá ar fáil chun cur isteach ar agus coireacht eagraithe agus thromchúiseach a ionchúiseamh go háirithe an chatagóir cionta seo a leanas - Gadaíocht, Fáisceadh, Fuadach. |

## 2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil curtha i gcrích sa Roinn | |
| Patról ceilte sa Roinn | |
| Oibríochtaí Spriocdhírithe le haghaidh na gcionta atá ag déanamh an méid is mó imní do phobail | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Aiseolas ón na Comhchoistí Póilíneachta agus Sábháilteacht an Phobail |
| Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána |
| Laghdú ar an líon coireanna |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Comhairle maidir le Cosc ar Choireacht don phobal | |
| Oiliúint dea-chleachtais | |
| Patróil spriocdhírithe i láithreacha coireachta | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Laghdú ar an líon ionsaithe, cionta oird phoiblí agus frithshóisialta |
| Laghduithe ar chionta Robála, Buirgléireachta agus Calaoise |
| Méadú ar bhraith agus ionchúiseamh |

## 3. Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach atá ag idirghníomhú le An Garda Síochána an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí agus go leagtar béim ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | Trí thacú le híospartaigh leochaileacha ag gach céim dá n-idirghníomhaíocht leis an bpróiseas ceartais choiriúil éireoidh linn cearta an duine a chosaint agus seirbhís ar chaighdeán níos fearr a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil a leithéid de sheirbhís ag teastáil uathu. |
| 3.2 Córas de thomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coire a leabú, sa bhreis ar ghnáth-thuairisciú staitistiúil coireachta | Trí PTFanna Náisiúnta agus Roinne agus athbhreithnithe coireachta, monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí coireachta agus úsáid a bhaint as cuirfiú bannaí spriocdhírithe agus cásbhainistiú ciontóra a chinntiú go bhfuiltear ag díriú air agus ag laghdú coireacht atá i mbéal an phobail. |
| 3.3 Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Trí phatróil spriocdhírithe ard-infheictheachta agus obair a dhéanamh i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, cuirfimid tiomáint fhreagrach i bhfeidhm agus cinnteoimid go mbeidh sé níos sábháilte taisteal ar ár ngréasán bóithre. |

## 3. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmháil le íospartach Drochíde sa teaghlach | |
| Teagmhais a bhaineann le foréigean teaghlaigh le hathbhreithniú go neamhspleách ag maoirseoirí | |
| Idirchaidreamh le comhlachtaí Reachtúla, Tusla & CFA | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Teagmháil le agus cosaint íospartach Drochíde sa teaghlach | |
| Mothaíonn íospartaigh choireachta go bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an tacaíocht atá ar fáil | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Litreacha íospartaigh curtha ar fáil | |
| Timthriallta rannpháirtíochta le daoine leochaileacha agus scothaosta sa phobal | |
| Brath cionta spriocdhírithe sábháilteacht ar bhóithre | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Imbhuailtí tráchta agus gortuithe tromchúiseacha | |
| Tá a dteagmhas á thuairisciú ag íospartaigh a luaithe agus is féidir leo | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur chun feidhme leanúnach Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála atá mar bhonn le slándáil agus acmhainn faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Trí bhailiú faisnéise feabhsaithe cuirfimid lenár n-acmhainn na daoine atá páirteach i sceimhlitheoireacht a shainaithint agus cur isteach orthu. |
| 4.2 Ullmhacht do mhóréigeandálaí a chinntiú trí oiliúint, forbairt feasachta leanúnach in An Garda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Trínár gcaidreamh le príomhghníomhaireachtaí freagartha agus údaráis áitiúla a neartú beimid in ann déileáil níos fearr le Móréigeandáil má tharlaíonn a leithéid i Roinn Phort Láirge / Chill Chainnigh / Cheatharlach. |
| 4.3 Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu | Leanfaimid ar aghaidh ag obair lenár gcomhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun cur isteach ar sceimhlitheoireacht agus sláine na bpointí rochtana agus fágála isteach sa tír seo laistigh de Roinn Phort Láirge / Chill Chainnigh / Cheatharlach a chosaint. |

## 5. Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe

Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 Acmhainn agus Cumas Athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú tríd an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur chun feidhme. | Tacóimid lenár bhfostaithe feabhas a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus tairbhe a bhaint as nuálaíocht agus athrú. |
| 5.2 Forbairt a dhéanamh ag féachaint do thodhchaí an Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, bunaithe ar fhís an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | Táimid tiomanta d'athrú a leabú agus a chothabháil agus tacú le cultúr de nuálaíocht i Roinn Phort Láirge / Chill Chainnigh / Cheatharlach. |
| 5.3 Cur leis na cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe in An Garda Síochána cheana féin trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil an Gharda Síochána a bheidh ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais | Trí chur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur i bhfeidhm maidir le riarachán cabhróimid lenár lorg carbóin a laghdú. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann tábhacht le feidhmiú mar eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E1.1 Cur lenár gcumas tacaíochtaí oiriúnacha Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, chun cur ar chumas ár bpearsanra a ról a chur i gcrích go héifeachtach | Cinnteoimid go mbeidh cúrsaí oiliúna déanta ag gach comhalta den Gharda Síochána i réimsí tosaíochta, agus go bhfuil tairbhe bainte acu as PALF agus forbairt ghairmiúil leanúnach. |
| E1.2 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ailínithe le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Leanfaimid ar aghaidh leis an bPlean Gníomhaíocht don Straitéis Sláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm agus tacú le húsáid a bhaint as príomhfhoinsí tacaíochta, lena n-áirítear Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe an Gharda Síochána, Tacadóirí Piaraí agus Seirbhís Sláinte Ceirde an Gharda Síochána chun tacú lenár bpearsanra. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Páirt a ghlacadh in agus tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha chun leanúint ar aghaidh lenár n-eolas, seirbhís agus éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun ár gcuir chuige ildisciplíneacha a fheabhsú | Trí chomhpháirtíochtaí áitiúla comhoibríocha déileálfaimid leis na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar ár bpobail agus a bheidh mar bhonn le torthaí éifeachtacha agus intomhaiste chun freagairt do na hábhair atá ag déanamh imní díobh. |
| E2.2 Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna comhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha | Oibreoimid le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus le Comhaltas na Mac Léinn chun freagairt phóilíneachta oiriúnach a sholáthar, lena n-áirítear oideachas agus rannpháirtíocht in eastáit chónaitheacha. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhéthreo a fhorbairt trí chainéil nua agus cainéil atá bunaithe cheana féin.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht dhéthreo le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla a neartú, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint. | Trí chumarsáid shoiléir sheasta, inmheánach agus sheachtrach, forbróimid iontaoibh saoránach agus cuirfimid ar chumas ár bhfostaithe freagairt ar bhealach níos fearr do na rudaí atá ag cur isteach ar ár bpobail. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dó | Tacóimid leis an bplean freagartha do thorthaí iniúchadh Cultúrtha 2022 chun cabhrú le timpeallacht oibre phearsanra an Gharda Síochána a fheabhsú. |

## Cumasóir 4: Cumhachtú & Iontaoibh

Tacú le cultúr de chumhachtú agus iontaoibh, atá fréamhaithe in ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Tacú le hiompar gairmiúil agus a leithéid a neartú i measc phearsanra an Gharda Síochána, agus cultúr de chumhachtú agus d'iontaoibh a chothú. | Trí bhainistíocht sheasmhach gearán agus tacú le hEitic, feabhsóimid an iontaoibh agus an cháil atá orainn i measc ár bpobal i bPort Láirge, Cill Chainnigh agus Ceatharlach. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagrúcháin an Gharda Síochána a Rolladh Amach | Leanfaimid ar aghaidh le samhail oibriúcháin nua an Gharda Síochána a rolladh amach, maoirseacht agus éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú agus níos mó pearsanra de chuid an Gharda Síochána a chur ar fáil chun díriú ar dhualgais túslíne. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís atá bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt, úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht chun tacú le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a fhorbairt | Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le tionscadail áitiúla a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm leo rialachas, comhordú agus cianbhainistiú a fheabhsú. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a bheidh bailíochtaithe ag athbhreithniú seachtrach | Bainfimid úsáid éifeachtúil agus eiticiúil as na sonraí atá againn chun cinntí eolasacha a dhéanamh ag gach leibhéal dár n-eagraíocht i bPort Láirge, Cill Chainnigh agus Ceatharlach. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| An Cineál Tacaíochta | Ainm | Suíomh Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|---|
| **Comhlachtaí Pobail (Eagraíocht Neamhrialtasach)** | Foláireamh Téacs Pobail agus Faisnéis Faire Comharsanachta | www.garda.ie | Kilkenny.community @garda.ie | 056 7775094 |
| | Comhaontas Aoisbhá/ Béilí ar Rothaí Chill Chainnigh | https://kilkennyagefriendlycounty.ie/ | Agefriendlycounty @gmail.com | 056 7772787<br>056 7721685 |
| | Cúram Pobail / Béilí ar Rothaí Thrá Mhór | http://tramorecommunitycare.ie/ | | 051 381126 |
| | Alone | www.alone.ie | hello@alone.ie | 0818222024 |
| | Pobal, Scéim Foláirimh na Seanóirí (SAS) | https://www.pobal.ie/ | onlinesupport@pobal.ie | 01 5117222 |
| | Seirbhís Oideasaithe Shóisialta Chill Chainnigh | www.cklp.ie | info@cklp.ie | 056 7752111 |
| | Seid na bhFear | www.menssheds.ie | info@menssheds.ie | 01 891 6150 |
| | Coiste Cathrach agus Contae i gCúram Leanaí Chill Chainnigh | www.kilkennyppn.ie | Ppnkilkenny @kilkennycoco.ie | 056 7794255<br>087 1731634 |
| | Líne Chabhrach Teagasc | www.teagasc.ie | info@teagasc.ie | 353 59 917 0200 |
| | Club Rothail | www.rotary.org | | 056 7721994 |
| | Club na Leon Chill Chainnigh | www.kilkennylionsclub.ie | Info @kilkennylionsclub.ie | |
| | Cois Nore | www.coisnore.ie | info@coisnore.ie | 056 7752222<br>085 8882583 |
| | Cúramóirí Teaghlaigh na hÉireann | www.familycarers.ie | | 1800 240724 |
| | Ionad an Athar Mhic Craith | https://frmcgrathcentre.ie/ | info@frmcgrathcentre.ie | 056 7751988 |
| | Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | www.iwa.ie | info@iwa.ie | 056 7762775 |
| | Bantracht na Tuaithe (ICA) | www.ica.ie | admin@ica.ie | |
| | Cumann MS | www.ms-society.ie | southeast@ms-society.ie | 056 7777771 |


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | L'Arche | L'Arche Kilkenny | admin@larchekilkenny.ie | 056 7725628 |
| | Cúirt Uí Lachnáin, Ionad Pobail | https://www.respond.ie/about-us/ | info@respond.ie | 056 7770069 |
| **Tacaíocht d'Íospartaigh** | Ionad Éigeandála um Éigniú Cheatharlach agus Laighean Theas | http://carlowrapecrisis.ie/ | info@carlowrapecrisis.ie | 0599133344 |
| | An tIonad Éigeandála um Éigniú | www.drcc.ie | info@rcc.ie | 1800778888 |
| | Seirbhísí Tacaíochta Iarchoireachta | www.SupportAfterCrimeServices.ie | info@supportaftercrimeservices.ie | 021 432 0555 |
| | Ionad um Éigniú agus Drochúsáid Ghnéasach Phort Láirge | www.waterfordrsac.ie | info@waterfordrsac.ie | 1800 296 296 |
| | Líne Chabhrach d'Íospartaigh Choireachta | www.crimevictimshelpline.ie | info@crimevictimhelpline.ie | 116006 |
| | Kasa | www.kasa.ie | info@kasa.ie | 056 7751555<br>1800478478 |
| **Tacaíocht Drugaí & Andúile** | Seirbhís um Mhí-úsáid Substaintí Phort Láirge | http://www.hse.ie | | 051 848658 |
| | Seirbhís um Mhí-úsáid Substaintí Cheatharlach & Chill Chainnigh | http://www.hse.ie | | Teil: 056 7784638<br>Áitiúil: 1890 464600 |
| | Tionscnamh Drugaí Pobalbhunaithe Chontae Phort Láirge - Thoir, | https://wstcys.ie/ | info@wstcys.ie | (051) 872 710 |
| | Grúpaí Teaghlaigh Al-Anon | http://www.al-anon-ireland.org/ | info@alanon.ie | (01) 8732699 |
| | Alcólaigh gan Ainm | https://www.alcoholicsanonymous.ie/ | gso@alcoholicsanonymous.ie | 018420700 |
| **Meabhairshláinte** | An tIonad Rannpháirtíochta | Eolas maidir leis an Ionad | Involvementkk@gmail.com | 056 7712400 |
| | *Grow* Chill Chainnigh | www.grow.ie | southeastregion@grow.ie | 056 7761624 |
| | *Aware* Chill Chainnigh | www.aware.ie | supportmail@aware.ie | 1800 804848 |
| | *Rainbows Ireland* | https://www.rainbowsireland.ie/ | ask@rainbowsireland.com | 353 1 4734175 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Tacaíocht Mhéala Chill Chainnigh | https://kilkennybereavementsupport.com/ | | 056 7756538 |
| | Ionad Acmhainní do Theaghlaigh Chlós na Páirce Nua | https://www.newparkclosefrc.com/ | Newparkclosefrc@eircom.net | 056 7723309 |
| | Teac Tom | www.thethomashayestrust.com | Thethomashayestrust@gmail.com | 056 7796592 |
| | Na Samáraigh | www.samaritans.org | jo@samaritans.ie | 056 7765554 |
| | Tearmann na mBan Amber | https://amberwomensrefuge.ie/ | info@amber womensrefuge.ie | 056 7771404<br>0818 424244 |
| | Pieta an Oirdheiscirt | Suíomh Pieta an Oirdheiscirt | info@pieta.ie | 051 858510 |
| **Tacaíocht Éagsúlachta** | *Open Door* Chill Chainnigh (LADT) | www.belongto.org | info@belongto.org | 01 670 6223 |
| | Foróige "Out Kilkenny" (LADT) | Eolas maidir le Foróige "Out Kilkenny" (LADT) | | 086 7736975<br>086 7736976 |
| | Grúpa Pobail Twilight | www.twilight.ie | | |
| **Tacaíocht do Dhaoine Óga** | Tionscadal um Fhorbairt na nÓg & an Teaghlaigh Thrá Mhór, Foróige, | www.foroige.ie | | Jean Power 051 338983 |
| | Tionscadal TYRE | Suíomh Thionscadal Athstiúrtha Óige | tyreydp@wstcys.ie | 086 6052214<br>086 0497308 |
| | Klub Muzik, | https://klubmuzik.ie/ | info@klubmuzik.ie | 051 330342 |
| | Club Arch do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu | https://www.archclubs.com/clubs | archclubs.adm@gmail.com | 085 267 2643<br>085 267 2646 |
| | Club Óige Osraí | https://www.ossoryyouth.com/ | jpurcell@ossoryyouth.com | 056 7761200 |
| **Tacaíochtaí Airgeadais** | MABS (An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid) | https://mabs.ie/ | northmunster@mabs.ie | 0818 07 2000<br>WhatsApp: 086 035341 |
| | Cumann Naomh Uinseann de Pól | https://www.svp.ie/home.aspx | info@svp.ie | 051350725 |
| | Cumann Naomh Uinseann de Pól, Trá Mhór, Co. Phort Láirge | https://www.svp.ie/vincentstramore | vincents.tramore@svp.ie | 051 393518 |

# Aguisín: Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **Pobal -**<br>Leanúint ar aghaidh le **naisc le pobail a neartú, oibriú i gcomhpháirt** chun daoine a choinneáil sábháilte | • An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go bhfuil siad sásta le Seirbhís Áitiúil an Gharda Síochána.<br>• An céatadán freagróirí atá den tuairim nach ndéileálann An Garda Síochána le nithe tábhachtacha sa phobal.<br>• An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaitheann Gardaí le gach duine sa phobal go cothrom is cuma cé hiad féin.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go n-éisteann An Garda Síochána leis na hábhair atá ag déanamh imní do dhaoine áitiúla.<br>• An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaithfeadh na Gardaí go measúil leat má bhí aon teagmháil acu leo.<br>• An céatadán freagróirí atá den tuairim go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach -**<br>**A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis** | • An céatadán freagróirí atá den tuairim gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht sa cheantar áitiúil.<br>• An céatadán freagróirí a bhfuil imní orthu gur íospartach cibearchoireachta a bheidh iontu féin nó aon duine atá ina gcónaí leo.<br>• An céatadán freagróirí a bhfuil an leibhéal coireachta ginearálta ag déanamh imní dóibh.<br>• An céatadán freagróirí nach bhfuil aon tionchar ag an mbaol a bhaineann le coireacht ar a gcaighdeán saoil.<br>• An céatadán freagróirí atá airdeallach ar phatróil an Gharda Síochána.<br>• An céatadán freagróirí a thug le fios gur íospartach de choireacht den chineál céanna iad roinnt uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• An céatadán freagróirí a shonraigh go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar chearta an duine.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána éifeachtach chomh fada is a bhaineann le dul i ngleic le coireacht.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil oiriúnach.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann gur féidir brath ar na Gardaí ina gceantar áitiúil nuair a bhíonn siad ag teastáil. |
| **Íospartaigh & Daoine Leochaileacha -**<br><br>Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus **gach duine** leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn | • An céatadán íospartach atá réasúnta sásta nó an-sásta leis an tslí ar dhéileáil An Garda Síochána lena gcás.<br>• An céatadán íospartach a thuairiscigh an cineál coireachta is déanaí ar dhéileáil siad leis.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscigh, i ndáil leis an teagmhas is déanaí ar dhéileáil siad leis, gur dhéileáil na Gardaí leis an teagmhas go tapa nuair a tuairiscíodh an teagmhas ar dtús.<br>• An céatadán freagróirí a thug le fios go ndearna An Garda Síochána teagmháil leo i ndiaidh dóibh a dteagmhas is déanaí a thuairisciú. |
| **Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe -**<br><br>Tacú le cultúr **d'fheabhas leanúnach** agus a leithéid de chultúr a spreagadh, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú | • An céatadán de fhreagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána nua-aimseartha agus forásach. |
| **Cumasóirí -**<br>1. **Daoine & Cuspóir**<br>2. **Comhpháirtíochtaí**<br>3. **Rannpháirtíocht**<br>4. **Cumhachtú & Iontaoibh**<br>5. **Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis** | • An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána á bhainistiú go héifeachtach.<br>• An céatadán freagróirí a aontaíonn nó a aontaíonn go láidir go bhfuil An Garda Síochána ionadaíoch ar na pobail éagsúla a bhfuil sé ag freastal orthu.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go bhfuil leibhéal meánach - ard iontaoibhe acu as An Garda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú a mbíonn daoine i láthair go pearsanta aige |
|  | Teileafón |
|  | Ríomhphost |
|  | Post |
|  | Raidió |
|  | Teilifís |
|  | Trí na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Gardaí i láthair go pearsanta |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | De shiúl na gcos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

Garda Síochána na hÉireann